

An Roinn Airgeadais

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar fhiigiúirí nua a léiríonn an t-easnamh atá ar an státchiste i mbliana.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An bhfuil aon rud ar eolas agaibh faoin scéal seo?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

1. Finance department _____
2. Deficit _____
3. Exchequer _____
4. Spokesperson _____
5. Central Bank of Ireland _____
6. Economy _____
7. Press conference _____
8. Constricting _____
9. Predicting _____
10. Demand _____
11. Consumers _____
12. Gross Production _____
13. Investment _____
14. Expenditure _____
15. Released _____

Ceist 3

Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4

a) Tá na hainmfhocail seo a leanas san uimhir iolra sa sliocht. An lagiolraí no tréaniolraí iad seo? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

- Urlabhraithe
- Figiúirí
- Tomhaltóirí
- Meastacháin

b) Déan iarracht an uimhir iolra atá ag na hainmfhocail seo a leanas a aimsiú.

Ansin déan amach an lagiolraí nó tréaniolraí iad.

1. Nollaig
2. Samhradh
3. Uncail
4. Bád
5. Post
6. Teach
7. Focal
8. Leabhar

Ceist 5

Scríobh na figiúirí a luaitear sa téacs i bhfocail.

Ansin luaigh an staitistic a bhaineann le gach ceann.

13.4 billiún _____

1.7% _____

0.2% _____

7% _____

13 billiún _____

22.2 billiún _____

6.5% _____

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil todhchaí na tíre seo i mbaol dar leat?

An bhfuil muinín agat as an rialtas atá ann faoi láthair?

Mura bhfuil muinín agat astu, cén páirtí atá in ann don dúshlán seo, dar leat?

Cé a bheidh thíos leis an gcéad bhuiséad eile dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 larr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

1. Finance department: **An Roinn Airgeadais**
2. Deficit: **Easnamh**
3. Exchequer: **Státhchiste**
4. Spokesperson: **Urlabhraí**
5. Central Bank of Ireland: **Banc Ceannais na hÉireann**
6. Economy: **Geilleagar**
7. Press conference: **Preasócáid**
8. Constricting: **cúngú**
9. Predicting: **ag tuar**
10. Demand: **éileamh**
11. Consumers: **Tomhaltóirí**
12. Gross Production: **Olltáirgeacht**
13. Investment: **Infheistíocht**
14. Expenditure: **Caiteachas**
15. Released: **Eisíodh**

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4 Is lagiolra é aon fhocal san iolra:

(i) a chríochnaíonn ar chonsan caol (fir, báid, pinn, leathanaigh, crainn, srl.).

(ii) a gcuirtear **a** leis chun an uimhir iolra a dhéanamh (cos-cosa; bileog-bileoga; lámh-lámha; duilleog-duilleoga)

Ní lagiolraí iad cinn mar *cathaoireacha*, *glórtha*, etc. mar tá níos mó ná **a** á gcur leo

san iolra i.e. is **-eacha** nó **-acha** atá á gcur leo. Chun gur lagiolra a bheadh i gceist

ní chuirtear leis ach **a** amháin.

Is tréaniolra é aon iolra eile.

Urlabhraí-Urlabhraithe (Tréaniolra)
Figiúr-Figiúirí (Tréaniolra)
Tomhaltóir-Tomhaltóirí (Tréaniolra)
Meastachán-Meastacháin (Lagiolra)

Nollaig-Nollaigí (Tréaniolra)
Samhradh-Samhraí (Tréaniolra)
Uncail-Uncailí (Tréaniolra)
Bád-Báid (Lagiolra)
Post-Poist (Lagiolra)
Teach-Tithe (Tréaniolra)
Focal-Focail (Lagiolra)
Leabhar-Leabhair (Lagiolra)

Ceist 5

13.4 Billiún: trí déag ponc a ceathair - Seo an t-easnamh atá ar an státchiste.

1.7%: Aon ponc a seacht faoin gcéad - Tá an banc ag tuar go dtitfidh an Olltáirgeacht Náisiúnta an méid seo.

0.2%: Náid ponc a dó faoin gcéad: Táthar ag tuar go bhfásfaidh Olltáirgeacht Intíre an méid seo.

7%: Seacht faoin gcéad: Seo an t-ardú (beagnach) ar easpórtáil bia agus deoch

13 billiún: trí bhilliún déag: Seo an t-easnamh atá ar an státchiste go deireadh Mhí Mheán Fómhair.

22.2 billiún: fiche a dó ponc a dó billiún - Bailíodh an méid seo i gcáin.

6.5%: sé ponc a cúig faoin gcéad: Bhí titim 6.5% sa mhéid cánach a bailíodh i gcomparáid leis an am céanna anuraidh.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Léiríonn figiúirí nua ón Roinn Airgeadais tráthnóna go bhfuil easnamh de thrí déag ¹ ponc a ceathair billiún euro ar an státchiste go dtí seo i mbliana. Dúirt urlabhraí ón Roinn go rabhthas ag súil leis sin agus go bhfuil an figiúr ag teacht leis an méid a bhí á thuar don tráth seo bliana. Ach léiríonn na figiúirí ó Bhanc Ceannais na hÉireann nach bhfuil an geilleagar ag fás mar a bhí súil leis roimhe seo.

Sorcha Ní Riada

Ag preasócáid sa Bhanc Ceannais inniu dúirt urlabhraithe ón mbanc go bhfuil an geilleagar ag teacht chuige féin tar éis cúngú géar agus leanúnach anuraidh agus an bhliain roimhe². Tá an banc ag tuar go dtitfidh Olltáirgeacht Náisiúnta 1.7% ,sin le hinfheistíocht³ thar lear san áireamh agus go bhfásfaidh Olltáirgeacht Intíre 0.2% i mbliana. In ainneoin iarrachtaí le daoine a mhealladh isteach sna⁴ siopaí, deir an Banc Ceannais go bhfuil an t-éileamh⁵ ó thomhaltóirí lag, toisc nach bhfuil mórán airgid ag daoine le caitheamh. Deir said go bhfuil an feabhsú éagothrom toisc gurb é easpórtáil atá á thiomáint.

Dea-scéala amháin a tháinig ó⁶ na meastacháin seo ón mBanc Ceannais inniu ná go léiríonn na figiúirí go bhfuil easpórtáil fós ag feabhsú agus ní hiad na comhlachtaí cogasaíochta amháin atá i gceist. Léiríonn na figiúirí gur tháinig ardú beagnach 7% ar easpórtáil ón earnáil bia agus deoch sa chéad leath den bhliain seo.

De réir figiúirí eisithe tamall gairid ó shin ag an Roinn Airgeadais bhí easnamh 13 billiún euro ar an státchiste go deireadh Mhí Mheán Fómhair⁷ i gcomparáid le heasnamh breis agus fiche billiún ag an am céanna⁸ anuraidh. Bailíodh 22.2 billiún euro i gcáin, titim 6.5% i gcomparáid leis an tréimhse céanna anuraidh. Ach deir an rialtas go bhfuil caiteachas faoi smacht acu agus go léiríonn na figiúirí seo go bhfuil an geilleagar ag socrú síos.

Sorcha Ní Riada

Nuacht TG4

Baile Átha Cliath.

¹ Go trídéag deirtear

² roimis a deirtear sa chaint

³ fágтар ‘h’ ar lár

⁴ ins na a deirtear

⁵ an éileamh deirtear

⁶ ós deirtear

⁷ Ag deireadh mí Mean Fómhair deirtear

⁸ ag an am gcéanna a deirtear i gcanúint an tuairisceora